Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Iúil 2023
(OR. en)

11787/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0140(COD)**

CODEC 1355
INDEF 38
COPS 391
POLMIL 199
IND 385
MAP 38
COMPET 753

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 3 Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 114 agus 173(3) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Meitheamh 2023[2].

3. An 13 Iúil 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[3].

[1] 8891/23.
[2] Níor foilsíodh fós san IO í.
[3] 11693/23.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dá bhrí sin an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 46/23 é, agus an ráiteas comhpháirteach, mar a leagtar amach iad in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ghréig ag staonadh ón vótáil;

– a chinneadh go bhfoilseofar an ráiteas atá in Aguisín 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. Leagtar amach na dearbhuithe le haghaidh na miontuairiscí ón gcruinniú den Chomhairle in Aguisín 1 agus Aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.